



# Athchumrú Scoileanna

Leabhrán Eolais do  
Bhoird Bhainistíochta



AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA



## Athchumrú Scoileanna: Leabhrán eolais don Bhord Bainistíochta

Tá sochaí na tíre seo ag athrú go mór agus Éire ag éirí níos ilchultúrtha agus níos ilchineálaí. Chun freastal cuimsitheach a dhéanamh ar an ilchineálacht chultúrtha seo, tá sé tábhachtach go mbeadh oideachas a leagann béim ar ilchineálacht, ar eitic agus ar an ilchultúrachas ar fáil do pháistí.

Tá sé mar aidhm ag an Roinn Oideachais go mbeidh oideachas ilchreidmheach agus ilchultúrtha ar fáil do chlanna ina gceantar áitiúil ar fud na tíre, rud a thacaíonn leis an ilchultúrachas sa sochaí a chur chun cinn agus a chuireann tuilleadh rogha ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le hoideachas dá pháistí.

Chun tacú leis an bhfeachtas seo, tugtar deis do scoileanna sainchreidmheacha athrú (athchumrú) go scoileanna ilchreidmheacha i gceantair nach mbeadh éileamh ann scoil úrnua a bhunú. Aithníonn An Foras Pátrúnachta an luach agus an tairbhe a bhaineann le feachtas an athchumraithe agus cuirimid fáilte mhór roimh iarratas ó scoileanna gur mian leo an sainspiorad nó/agus an phátrúnacht a athrú.

Tuigeann An Foras Pátrúnachta an tábhacht a bhaineann le cur chuige córasach, soiléir agus inbhuanaithe a bheith ar fáil do scoileanna agus iad ag tabhairt faoin turas seo. Is cinneadh inmholta é do scoilphobal ar bith tabhairt faoin athchumrú agus cuirtear tacaíocht chuimisteach ar fáil do scoilphobail ag gach céim den phróiséis.

Tá súil againn go dtugann an leabhrán seo foramharc uile-ghabhálach ar an bpróiséis athchumraithe agus tá An Foras Pátrúnachta ag tnúth go mór le dul i gcomhairle le scoileanna ar fud na tíre maidir leis an bpróiséis athchumraithe.

## CLÁR AN LEABHRÁIN

Cuireadh na leabhrán seo le chéile chun:

- Foramharc ar phróiséis athchumraithe a chur ar fáil do Bhoird Bhainistíochta;
- Céimeanna agus sainghnéithe an phróisis a leagadh amach go soiléir;
- Freagrachtaí na rannpháirithe éagsúla a shoiléiriú;
- Clár tacaíochta An Foras Pátrúnachta a mhíniú agus
- Ceisteanna coitianta a fhreagairt.

Anuas ar an leabhrán seo, cuirtear na nithe seo thíos ar fáil do scoileanna gur mian leo tuilleadh eolais a fháil maidir leis an athchumrú nó an dífheistiú:



## Athchumrú Scoileanna: Leabhrán eolais don Bhord Bainistíochta

<b>Bord Bainistíochta</b>	Cruinniú le ball foirne <i>An Foras Pátrúnachta</i> leis an mBord Bainistíochta chun an próiseas athchumraithe a phlé go mion.
<b>Foireann Scoile</b>	Cruinniú agus bileoga eolais don fhoireann scoile maidir leis na gnéithe praiticiúla den athchumrú.
<b>Scoilphobal</b>	Cruinniú agus bileoga eolais chun eolas faoin brpóiseas a roinnt leis an scoilphobal.

## ATHCHUMRÚ

Bíonn pátrúin éagsúla i gceannas ar scoileanna agus is leis an bpátrún a luíonn an fhreagracht sainspiorad éagsúla a chur i bhfeidhm sna scoileanna faoina gcúram. Is féidir le scoilphobail ar bith an cinneadh a ghlacadh gur mian leo pátrúnacht na scoile a athrú.

Is éard atá i gceist le hathchumrú ná scoil le sainspiorad sainchreidmheach ag athrú nó ag clochlú go scoil le sainspiorad ilchreidmheach. Féadfaidh athrú pátrúnachta a bheith i gceist ag an am céanna.

Nuair a léirítear spéis san athchumrú ar bhonn scoile, moltar don Bhord Bainistíochta ceannasaíocht a ghlacadh ar an bpróiseas ina scoil féin le tacaíocht iomlán ó An Foras Pátrúnachta. Chun ráthúlacht an athchumraithe a chinntiú, bíonn am, tiomantas, tacaíocht leanúnach agus forbairt ghairmiúil de dhíth.

Baineann athrú sainspioraid leis an iomaí gné de shaol na scoile idir bheartais scoile, cleachtais theagaisc agus gníomhaíochtaí scoile.

Seo na príomhghnéithe a ghabhann le scoil lán-Ghaeilge le sainspiorad idirchreidmheach:

- Ní mhúintear aon shainchreideamh ar leith laistigh d'amchlár oifigiúil na scoile;
- Leantar an clár Croí na Scoile, clár eitice agus staidéar reiligiúin atá curtha le chéile ag An Foras Pátrúnachta;
- Bíonn freagracht ar thuismitheoirí/chaomhnóirí, más mian leo, socruithe a dhéanamh do mhúineadh sainchreidimh dá bpáistí taobh amuigh d'am scoile i gcomhairle le grúpaí sainchreidmheacha áitiúla;
- Trí Ghaeilge a mhúintear na haicmí creidimh a éascaítear sa scoil lasmuigh d'am scoile;
- Bíonn dualgas ar an mBord Bainistíochta spiorad saineúil na scoile atá ag teacht leis an sainspiorad ilchreidmheach a chosaint agus a bheith freagrach don phátrún as é a chosaint.



## Athchumrú Scoileanna: Leabhrán eolais don Bhord Bainistíochta

### TÚSCHÉIMEANNA

Tar éis dóibh machnamh a dhéanamh, más spéis le Bord Bainistíochta ar bith tuilleadh eolais a fháil ar an bpróiseas athchumraithe faoi mar a bhaineann sé leis an scoil acu, moltar don Bhord teagmháil a dhéanamh leis An Foras Pátrúnachta.

Má bhaineann athrú pátrúnachta leis an athchumrú sainspioraid, tá sé ríthábhachtach go mbeidh an pátrún reatha ar an eolas faoin bpróiseas.

Leagann an próiseas athchumraithe amach na bunchlocha don phobal scoile agus iad ag claochlú ó scoil shainchreidmheach go scoil ilchreidmheach.

Mar chuid den phróiseas sin, beidh:

- cruinnithe leis an mBord Bainistíochta
- cruinnithe le baill foirne
- cruinnithe le pobal na scoile

Tabharfar tacaíocht leanúnach do Bhord Bainistíochta na scoile chun ceannasaíocht a ghlacadh ar an bpróiseas agus cuirfear plean athchumraithe atá in oiriúint don scoil le chéile i gcomhar leis an mBord.

#### Ag tús an phróisis, bíonn:

- Teagmháil rialta leis An Foras Pátrúnachta agus leis an bpátrún reatha (má oireann)
- Rannpháirtíocht le pobal uile na scoile – foireann, tuismitheoirí, daltaí, grúpaí sainchreidmheacha Seisiúin eolais ar fáil do ghrúpaí éagsúla i bpobal na scoile
- Aiseolas agus tuairimí á mbaillú

### PLEANÁIL DON ATHCHUMRÚ

Nuair a ghlacann scoilphobal an cinneadh leanúint leis an bpróiseas athchumraithe, bíonn rannpháirtíocht le baill uile den phobal scoile riachtanach.

Déantar ábhair éagsúla a bhaineann le bainistíocht, le teagasc agus le cultúr na scoile a chioradh agus a aontú.

#### Bainistíocht na Scoile

I gcás athrú pátrúnachta agus sainspioraid:

- Idirghabháil le pátrún reatha
- Próiseas aistrithe pátrúin
- Cúrsaí fostaíochta do mhúinteoirí (cearta painéil, srl.)
- Grinnfhiosrúchán na nGardaí
- Ionadaithe an phátrúin ar an mBord Bainistíochta



## Athchumrú Scoileanna: Leabhrán eolais don Bhord Bainistíochta

### I gcás athrú sainspioraid amháin:

- Cur i bhfeidhm sainspiorad ilchreidmheach na scoile
- Éascú do ranganna seachscoile do ghrúpaí sainchreidmheacha más mian leo
- Tionchar ar bheartais scoile m.sh. polasaí iontrála

### Cúrsaí Teagaisc agus Cultúr na Scoile

- Cur i bhfeidhm an chláir Croí na Scoile
- Acmhainní don oideachas ilchreidmheach
- Taispeántais scoile a léiríonn an sainspioraid nua scoile
- Ceiliúrtha scoile a leagann béim ar ilchineálacht cultúrtha

### Ag an bpointe seo, tá sé tábhachtach go mbíonn:

- Fís agus plean gnímh aontaithe
- Comhaontú ann leis an bpátrún reatha (má oireann)
- Cumarsáid rialta le pobal na scoile
- Plean agus treoir chinnte ann don fhoireann
- Réamhphleanáil ar siúl ar bhonn scoile

## TACAÍOCHT Ó AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Mar an pátrún is mó ar scoileanna lán-Ghaeilge (bunscoileanna agus meánscoileann) sa tír, cuireann An Foras Pátrúnachta réimse leathan tacaíochta ar fáil dár scoileanna trí mheán na Gaeilge.

### Cuirtear comhairle, treoir agus eolas ginearálta ar fáil maidir le:

- Ciorcláin agus treoir ón Roinn Oideachais
- Reachtaíocht agus dlí Cōiríocht
- Sláinte agus Sábháilteacht Nósanna earcaíochta
- Nósanna imeachta araíonachta Gnásanna casaoide
- Riaradh ar an mBord Bainistíochta Seirbhís idirghabhála
- Cosaint Leanaí Cosaint Sonraí
- Grinnfhiosrúchán na nGardaí Árachas

### Don phróiséis athchumraithe, cuirtear na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil:

- Tacaíocht leanúnach do scoileanna ag gach céim den athchumrú
- Cruinnithe eolais do bhoird, d'fhoirne agus do phobail scoileanna
- Ábhar tacaíochta do scoileanna don phróiséis comhairliúcháin leis an bpobal scoile
- Seirbhís idirghabhála leis an Roinn Oideachais agus le pátrúin reatha (má oireann)
- Forbairt foirne agus acmhainní chun sainspiorad ilchreidmheach a chur chun cinn sa scoil.